Coláiste Cois Life

Geann an Ghrífín, Leamhcán

Polasaí Folláine

SCHOOL NAME: Coláiste Cois Life	Roll Number: 76065H
SCHOOL ADDRESS 1: Castle Road	Phone Number: 01- 6211825
SCHOOL ADDRESS 2: Lucan	Email: eolas@colaistecoislife.ie
SCHOOL ADDRESS 3: Co.Dublin	Website: colaistecoislife.ie
EIRCODE: K78 Y330	

Ráiteas misin na scoile:

Is Gaelcholáiste ilchreidmheach é Coláiste Cois Life ina spreagtar barr feabhais san oideachas i dtimpeallacht foghlama dearfach. Tá an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann mar chroílár an Choláiste. Cothaítear forbairt iomlánaíoch na scoláirí don saol amach rompu trí bhéim a chur ar chúram, pobal, meas agus comhionannas.

Réasúnaíocht:
Is é aidhm an choláiste forbairt iomlánaíoch gach dalta a thacú, iad a ullmhú don saol lasmuigh den scoil trí chúram, pobal, meas, comhionannas agus rannpháirtíocht chultúrtha a chur chun cinn.

Tá Coláiste Cois Life agus an pobal a bhaineann leis tiomanta na nithe seo a leanas a bhaint amach:

- Curaclam leathan agus cothrom a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais gach dalta.
- Daltaí a spreagadh chun a lánacmhainneacht acadúil agus phearsanta a bhaint amach trí theagasc ar ardchaighdeáin a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.
- Cultúr mheasúil, tuisceanach agus cuimsitheach a chur chun cinn.
- Deiseanna curaclaim agus seach-churaclaim a thairiscint a thacaíonn le forbairt fhisiciúil, mhothúchánach, shóisialta agus intleachtúil an scoláire.
- Timpeallacht foghlama shábháilte, thacúil agus dea-acmhainní a chothabháil.
- Tacú le forbairt ghairmiúil agus phearsanta na foirne.
- Oibriú i gcomhar le tuismitheoirí, caomhnóirí, daltaí agus an pobal níos leithne chun saol na scoile a shaibhriú agus caidreamh measúil a chruthú idir gach duine aonair.
- Foghlaim feadh saoil, saoránacht ghníomhach agus rannpháirtíocht chultúrtha i measc daltaí a chothú.

Sainmhíniú ar an bhfolláine:
Is coincheap iomlánaíoch í an fholláine i gColáiste Cois Life a thacaíonn le gach gné de shaol na scoile. Tacaíonn sí le forbairt fhisiciúil, mhothúchánach, shóisialta agus intleachtúil na scoláirí agus na foirne, agus soláthraíonn sí an bhunchloch don fhoghlaim éifeachtach agus do thorthaí dearfacha an tsaoil.

Dar leis an Roinn Oideachais (2018), bíonn folláine le sonrú nuair is féidir le duine:

- A n-acmhainneacht féin a aithint
- Teacht aniar a léiriú agus iad ag déileáil le dúshláin.
- Freagracht a ghlacadh as a sláinte fhisiciúil agus mheabhrach.
- An ceangal, muintearas agus inchuimsitheacht a mhothú ina phobal.

Soláthraíonn creatlach na Sraithe Sóisearaí (2015) réimse nua foghlama sa tSraith Shóisearach darb ainm Folláine.

Beidh an Fholláine le sonrú sa churaclam trí thrí bliana na Sraithe Shóisearaigh agus tógfaidh sí ar an obair shuntasach atá ar siúl cheana féin i scoileanna chun tacú le folláine na scoláirí. Léireoidh an réimse foghlama seo cultúr, éiteas agus tiomantas na scoile don fholláine do na scoláirí. Beidh deiseanna foghlama ann chun folláine fhisiciúil, mheabhrach, mhothúchánach agus shóisialta na scoláirí a fheabhsú.

Aidhmeanna an pholasaí

I gColáiste Cois Life, tá folláine na scoláirí, na foirne, an bhainistíochta agus phobail na scoile uile ríthábhachtach. Is é aidhm an pholasaí seo:

1. Folláine a chur i bhfeidhm mar phríomhghné de shaol na scoile i gColáiste Cois Life.
2. Clár folláine a phleanáil agus a fhorbairt atá comhsheasmhach, a chuireann leis na tuiscintí, na cleachtais agus na curaclaim atá ann cheana féin i scoileanna maidir le folláine.
3. Cinntiú go mbraitheann gach dalta go bhfuil luach leo, tacaíocht agus meas.
4. Struchtúir agus cláir a fheabhsaíonn folláine scoláirí agus foirne araon a sholáthair.
5. Cultúr dearfach na scoile a chothú ina bhfuil béim ar an nGaeilge, ar an bhfoghlaim, ar an ionchuimsitheacht, agus ina bhfuil croíluachanna an ETB lárnach.
6. Scileanna agus muinín a thabhairt do scoláirí chun bheith ina mbaill den tsochaí atá athléimneach, freagrach agus gníomhach.
7. Folláine na foirne a chur chun cinn chun pobal na scoile a bhfuil tiománta, tacaithe agus bláthaithe a chinntiú.
8. Deimhniú go bhfuil caidrimh mheasúil agus leasmhar á chur chun cinn idir baill foirne agus scoláirí, idir scoláirí agus comhscoláirí, agus idir baill foirne agus tuismitheoirí.
9. An nasc idir thaithí dhearfacha na scoláirí ar scoil, éachtaí na ndaltaí agus folláine fhadtéarmach a aithint.
10. Na bealaí ina mbaintear úsáid as saineolas na foirne agus gníomhaireachtaí seachtracha chun tacú a shonrú.
11. Gach ball foirne a spreagadh chun cur le forbairt timpeallachta chúraim agus ionchuimsitheachta laistigh den scoil a thacóidh le folláine na scoile.
12. Féinmheas na ndaltaí a chosaint agus a fheabhsú, agus ag an am céanna deis a thabhairt dóibh iad féin a thuiscint níos fearr.

Cur chun cinn na folláine i gColáiste Cois Life
Cuireann Coláiste Cois Life folláine chun cinn trí chur chuige uile-scoile, treoraithe ag creatlaigh náisiúnta, luachanna an ETB, agus ár n-éiteas mar Ghaelcholáiste.

Díríonn an cur chuige seo ar ceithre phríomháit:

1. **Cultúr agus Timpeallacht**

- Timpeallacht scoile dearfach, inchuimsitheach agus béasach a chothú.
- A chinntiú go mbraitheann scoláirí sábháilte, luachmhar agus ceangailte le pobal na scoile.
- Áiteanna sonracha a chur ar fáil do scoláirí le bualadh lena chéile go sóisialta.
- Guth agus ceannaireacht an scoláire a spreagadh trí Chomhairle na Scoláirí, Ambasadóirí Folláine agus cláir meántóireachta.
- Éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a cheiliúradh, amhail Seachtain Feasachta 'Seas Suas' chun pobal LADTAI+ agus a bhaill a aithint agus a cheiliúradh.
- Ionad scoile inrochtaine a chur ar fáil do gach dalta.
- Bród agus cúram na ndaltaí agus na foirne a chothú chun timpeallacht fhisiciúil atá glan, shláintiúil agus tharraingteach sa scoil a chothabháil.
- Spreagadh a thabhairt don rannpháirtíocht shóisialta trí chur chun cinn gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus ama lóin ar nós sacar, iománaíocht, peil agus cluichí boird.

2. **Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)**

- Curaclam a spreagann folláine fhisiciúil, shóisialta agus mhothúchánach a sholáthar, amhail ranganna OSPS, Corpoideachas, OSSP agus Folláine, chomh maith le taithí oibre do scoláirí san Idirbhliain.
- Téamaí folláine a leabú i ngach ábhar, athléimneacht a fhorbairt, scileanna saoil agus feasacht chultúrtha.
- Foghlaim ar ardchaighdeán atá sholáthraithe go príomha trí Ghaeilge, ag neartú aitheantas cultúrtha agus ag cur leis an éiteas atá againn mar Ghaelcholáiste
- Caidreamh béasach agus sábháilte idir baill foirne agus scoláirí a chothú.
- Leanann gach roinn ábhair scéim lárnach ionas go múintear an t-ábhar céanna do gach dalta go leanúnach.
- Spreagtar scoláirí chun páirt a ghlacadh ina bhfoghlaim ionas gur féidir leo freagracht a ghlacadh as a bhfoghlaim féin agus sult a bhaint as a bheith ar scoil.
- Tugtar aiseolas foirmeálta agus suimitheach do scoláirí faoina bhfoghlaim agus a gcur chun cinn. Tarlaíonn sé seo sa seomra ranga, trí thascanna ar líne, aiseolas labhartha, tuairiscí scríofa ar Vsware, agus cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí.
- Bíonn tacaíocht foghlama curtha ar fáil do na scoláirí a theastaíonn uathu.
- Déantar difreáil ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim ionas go gcuirtear dúshláin oiriúnacha ar gach scoláire chun barr a gcumas a bhaint amach.

- Spreagtar cultúr comhoibríoch trí theagasc laethúil (Cómhúinteoireacht), foghlaim agus cleachtais measúnaithe a chur ar fáil.
- Cuireann an scoil béim ar chomhtháthú TF sa teagasc agus foghlaim; tá gach scoláire in ann teacht ar Ipad.
- Tá Cómhúinteoireacht ar fáil freisin le haghaidh tacaíochta Riachtanas Speisialta Oideachais (RSO) nuair is cuí.
- Déantar Cúntóirí Speisialta Oideachais a imheascú sna ranganna le daltaí a bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil uathu.
- Comhoibriú agus roinnte modheolaíochtaí teagaisc trí chruinnithe foirne agus laethanta traenála.

3. **Polasaí agus Pleanáil**
   - Folláine a imeascadh le gach polasaí scoile, lena n-áirítear:
     - o Polasaí Frith-Bhulaíochta
     - o Cód Iompair Dhearfach
     - o Polasaí Cosanta Leanaí
     - o Plean Imeachta Criticiúla
     - o Plean Treorach Uile-Scoile
     - o Polasaí Oideachas Gnéis agus Caidrimh (OGC)
   - (Cinnteofar) A chinntiú go léiríonn na polasaithe luachanna DDLETB maidir le meas, sármhaitheas, pobal, cúram agus comhionannas.

4. **Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí**

- Caidrimh dhearfacha a chur chun cinn i measc daltaí, foireann agus an pobal níos leithne.
- Comhoibriú le tuismitheoirí, caomhnóirí, seirbhísí tacaíochta agus gníomhaireachtaí seachtracha chun tacaíochtaí breise a sholáthar.
- Cláir meantóireachta a éascú, lena n-áirítear meantóireacht ó dhaltaí sa séú bliain ar an gcéad bhliain agus clár meantóireachta foirne, chun nasc, treoir agus cúram a neartú.
- Tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht seach-churaclaim, amhail foirne spóirt, ceoldrámaí, imeachtaí cultúrtha agus tionscnaimh folláine, chun pobal agus fás pearsanta a chothú.

Mapáil Soláthair
Úsáideann Coláiste Cois Life Mapáil Soláthair chun riachtanais éagsúla scoláirí a aithint agus chun tacú leo:

- **Tacaíocht do chách**: Cur chuige uile-scoile a chuireann folláine ghinearálta chun cinn.
- **Tacaíocht do roinnt**: Idirghabhálacha spriocdhírithe do scoláirí atá ag déileáil le dúshláin.
- **Tacaíocht do bheagán**: Tacaíocht dhian, lena n-áirítear pleananna aonair agus atreoruithe chuig seirbhísí seachtracha.

Cinntíonn sé seo go bhfaigheann gach scoláire an tacaíocht a theastaíonn uathu chun barr feabhais a bhaint amach go hacadúil, go sóisialta agus go mothúchánach.

Fachtóirí Cosanta a Chothaíonn Folláine

- Caidreamh láidir idir múinteoirí agus scoláirí.
- Timpeallacht fáiltiúil, shábháilte agus chuimsitheach.
- Rannpháirtíocht ghníomhach scoláirí i saol na scoile agus i róil cheannaireachta.
- Bainistíocht ranga atá soiléar agus straitéisí teagaisc a chuireann rannpháirtíocht chun cinn.
- Tionscnaimh rialta folláine, ina measc, ná Seachtain Folláine, Seachtain Feasachta Seas Suas, gníomhaíochtaí spóirt, ceoldrámaí agus imeachtaí cultúrtha.
- Rochtain ar sheirbhísí tacaíochta, lena n-áirítear treoirghairm, comhairleoireacht scoile agus meantóireacht piaraí.

Creat Folláine na Sraithe Sóisearaí

Treoraíonn **Creat Folláine na Sraithe Sóisearaí** ár gcur chuige, ag úsáid sé tháscaire: **Gníomhach, Freagrach, Ceangailte, Athléimneach, Measúil agus Feasach**. Spreagtar scoláirí chun dul i ngleic leis na táscairí seo trí chláir scoile, tionóil, gníomhaíochtaí ranga agus póstaeir Folláine don Fhoghlaim, a threisíonn an creat go hamhairc.

Samplaí d'ghníomhaíochtaí a chuireann leis an bhFolláine i gColáiste Cois Life

Táscaire Folláine	Cur síos	Tionscnaimh i gColáiste Cois Life
Gníomhach	A bheith gníomhach go fisiciúil ar feadh an phróisis chun fanacht sláintiúil. Dul i mbun gníomhaíochta fisiciúla chun sláinte agus folláine fhisiciúil a chur chun cinn.	Lá Spóirt Ranganna corpoideachais Siúlóidí nasctha Ceoldrámaí Gníomhaíochtaí seach-curaclaim Seomra na gCéadfaí
Freagrach	Tá ar scoláirí freagracht a ghlacadh as a roghanna féin agus cinntí eiticiúla agus ciallmhara a dhéanamh chun folláine a gcuid féin agus folláine daoine eile a chur chun cinn.	Clárú Ranganna OSPS Taithí oibre Ceardlanna scileanna staidéir Seisiúin socrú spriocanna Freagrachtaí sa seomra ranga Staidéar stiúrtha Club Obair Bhaile

Táscaire Folláine	Cur síos	Tionscnaimh i gColáiste Cois Life
Ceangailte	Forbairt ar chumas scoláire ceangal a dhéanamh le daoine eile agus a tuiscint a bheith acu go mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí agus idirghníomhaíochtaí duine ar a folláine féin agus folláine daoine eile.	Cruinnuithe tuistí agus múinteoirí Clár meántóra don chéad bhliain Comhairle na scoláirí Ambasadóirí folláine Imeachtaí bailithe airgid Comhléitheoireacht Duaiseanna na téarma Bronnadh céime Taithí oibre
Athléimneach	An chumas a bheith acu dúshláin an tsaoil a thuiscint agus tógáil ar a gcumas chun na dúshláin seo a lámhseáil.	Seachtain folláine Drámaíocht Seachtain feasachta seas suas Tacaíocht ón gcomhairleoir scoile Foireann tacaíochta do scoláirí Ceardlainne Gaisce
Meas	Is gnéithe bunúsacha den fholláine iad meas, éisteacht agus luach a chur ar dhuine. Bíonn caidrimh dhearfacha agus mheasúla lárnach chun folláine a chothabháil. Ag foghlaim conas caidrimh mheasúla a chruthú agus a chothabháil le comhscoláirí, foireann agus pobail na scoile.	Ceardlainne faisnéise Tionscnamh frith-bhulaíochta Sábháilteacht idirlín Ceiliúradh ar éachtaí na scoláirí Meáin shóisialta na scoile
Feasach	Tá féin-fheasacht tábhachtach don fholláine, mar is féidir le duine brí a thabhairt do smaointe, mothúcháin agus iompraíochtaí, agus a thuiscint cén tionchar atá acu orthu féin agus ar dhaoine timpeall orthu. Cuireann féin-fheasacht le cumas an scoláire a bheith coinsiasach ar a luachanna pearsanta agus ar theorainneacha pearsanta.	Ranganna OSPS/ OCG OSSP Gairmthreoracht Tionscnaimh timpeallachta Imeachtaí scoile Seachtain Coláiste Ceardlainn Gairmeacha Higher Options

Folláine foirne i gColáiste Cois Life

- Tá coiste sóisialta ag an bhfoireann a eagraíonn imeachtaí ó am go ham i rith na scoilbhliana chun éachtaí agus ócáidí éagsúla a cheiliúradh, ar nós bainiseacha, breithlaethanta suntasacha agus baill foirne ag cur lena dteaghlaigh. Cuireann sé seo le caidrimh dhearfacha idir baill foirne.
- Bíonn polasaí Doras Oscailte i bhfeidhm ag an bpríomhoide.
- Déantar ceiliúradh ar ócáidí ar nós Lá Idirnáisiúnta na mBan, Lá Domhanda na Múinteoirí agus Lá Ceiliúrtha CRS i measc na foirne.
- Tá an seomra foirne dea-fheistithe agus soláthraíonn sé spás sábháilte do bhaill foirne le linn sosanna. Tá rochtain teoranta ag na scoláirí ar an seomra foirne le linn amanna sosa chun deis a thabhairt do bhaill foirne scíth iomlán a ligean.
- Spreagtar agus tacaítear le baill foirne róil nua a ghlacadh orthu féin, cáilíochtaí breise a bhaint amach nó freastal ar chúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL) ábhartha.
- Ag cruinnithe an Bhoird Bainistíochta, coinníonn tuairisc an phríomhoide an Bord ar an eolas faoi obair na foirne. Dearbhaítear agus aithnítear an obair seo go foirmiúil ag cruinnithe foirne.
- Tugann an príomhoide agus an bhainistíocht meas ar an tiomantas gairmiúil atá ag gach ball foirne, agus léiríonn siad tuiscint ar na brúnna casta a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go ham do bhaill foirne uile, agus freagraíonn siad go trócaireach.
- I gColáiste Cois Life, cuirtear cultúr comhoibrithe agus comhghleacaíochta chun cinn. Baintear é seo amach trí chruinnithe rialta ranna ábhair, cruinnithe foirne iomlána, coistí pleanála foirne agus trí líonra ar líne d'acmhainní ar Microsoft Teams, chomh maith le comhráite neamhfhoirmiúla agus breathnóireachtaí piaraí.
- Is scoil Droichead í Coláiste Cois Life, a chuireann ar chumas múinteoirí nua-cháilithe a gcuid foghlama agus forbartha gairmiúla a fhorbairt.
- Cuireann córas ríomhphoist iomlán na scoile ar chumas gach ball foirne bheith ar an eolas faoi imeachtaí agus deiseanna tábhachtacha. Ní bhíonn baill foirne faoi éileamh freagra a thabhairt ar ríomhphoist lasmuigh de 8am – 6pm ar laethanta saoire oibre, chun cothromaíocht oibre agus saoil a chothabháil.
- Faightear measúnú bliantúil ar fhoireann agus bíonn cruinnithe aiseolais aonair le príomhoide ar siúl gach bliain. Le linn na gcruinnithe seo, pléitear roghanna ábhair na foirne don bhliain acadúil dar gcionn.

Sínithe: _____

Dáta: 26/1/26.

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

Sínithe: _____

Dáta: 26/01/26.

Rúnaí an Bhoird & Príomhoide na Scoile